Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9804/26**

**AGRI 431**
**AGRIORG 75**
**AGRIFIN 106**
**AGRILEG 140**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3331 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 28.5.2026<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí le haghaidh idirghabhácha in earnáil an fhíona |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3331 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3331 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026
C(2026) 3331 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 28.5.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí le haghaidh idirghabhácha in earnáil an fhíona**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foilsíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Tá earnáil an fhíona ag dul i ngleic le staid dheacair sa mhargadh i mBallstáit éagsúla, rud a dhéanann difear, go háirithe, do dheighleoga margaidh áirithe (fíonta dearga/*rosé*). Le linn na caibidlíochta ar an Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115*,* agus (AE) Uimh. 251/2014 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe, agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha, thángthas ar chomhaontú maidir leis an ngá atá le huasráta chaiteachas réamh-mheasta na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2021/2115, ar féidir é a íoc roimh ré leis na tairbhithe, é a mhéadú ó 80 % go 90 % agus é mar aidhm leis sin glacadh na mbeart agus na n-idirghabhálacha sin is gá a mhéadú tríd an maoiniú a dhéanann tairbhithe a éascú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rinneadh comhairliúcháin ina raibh saineolaithe ó gach ceann de na 27 mBallstát laistigh den Sainghrúpa a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/2116, go háirithe le linn chruinnithe an 27 Márta 2026. Leis an gcruinniú sin, bhíothas in ann smaointí ón gCoimisiún a chur i láthair maidir le raon feidhme an ghnímh tharmligthe agus na modhnuithe is gá ar Airteagal 15a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún, chomh maith le tuairimí a mhalartú leis na saineolaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear Airteagal 15a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.5.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí le haghaidh idirghabhácha in earnáil an fhíona**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013[1], agus go háirithe Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún[2], forlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro.

(2) Tá luaineacht mhór sa mhargadh i roinnt Ballstát in earnáil an fhíona faoi láthair, agus is iad deighleoga margaidh an fhíona dheirg agus an fhíona *rosé* is mó a bhfuil difear á dhéanamh dóibh. Aithníodh an staid sin sa chomhréiteach polaitiúil ar tháinig na trí institiúid de chuid an Aontais air le linn na caibidlíochta reachtaí maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) Uimh. 251/2014 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe, agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha[3]. Dá bhrí sin, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht chur chun feidhme na n-idirghabhálacha earnála nua a áirítear sa Togra sin agus chun cur chun feidhme idirghabhálacha earnála fíona laistigh de na Pleananna Straitéiseacha CBT a éascú, ba cheart Airteagal 15a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a leasú chun uasráta caiteachais réamh-mheasta na n-idirghabhálacha, dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2021/2115, ar féidir é a íoc roimh ré leis na tairbhithe, é a mhéadú ó 80 % go 90 %. Is é is aidhm don leasú sin feabhas a chur ar réamhíocaíochtaí i leith idirghabhálacha earnála fíona agus glacadh beart agus idirghabhálacha riachtanacha den sórt sin mhéadú tríd an maoiniú a dhéanann tairbhithe a éascú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a leasú dá réir sin.

---

1 IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

3 COM/2025/137 final.

(4) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann an ráta méadaithe a chur i bhfeidhm a bhaineann le réamhíocaíochtaí le haghaidh idirghabhálacha atá le cur chun feidhme roimh an mbuaint nua, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127**

In Airteagal 15*a* de Rialachán (AE) 2022/127, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ní rachaidh na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(3a) de Rialachán (AE) 2021/2116 thar 80 % de ranníocaíocht airgeadais an Aontais le costais mheasta na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagail 47, 55, 61, 64 agus 67 de Rialachán (AE) 2021/2115.

Ní rachaidh na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(3a) de Rialachán (AE) 2021/2116 thar 90 % de ranníocaíocht airgeadais an Aontais le costais mheasta na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2021/2115.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*